AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.12.2025
COM(2025) 768 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

10 mbliana d'Eoraip na Cruthaitheachta

{SWD(2025) 418 final}

1. Réamhrá

Is é Eoraip na Cruthaitheachta Clár an Aontais Eorpaigh atá tiomanta tacaíocht a thabhairt d'earnálacha an chultúir, na cruthaitheachta agus an chlosamhairc. Cuirtear i láthair sa Tuarascáil seo príomhthorthaí na meastóireachta deiridh ar Chlár Eoraip na Cruthaitheachta 2014-2020 (dá ngairtear 'CE1' anseo feasta) agus príomhthorthaí na meastóireachta meántéarma ar Chlár Eoraip na Cruthaitheachta 2021-2027 (dá ngairtear 'CE2' anseo feasta) i gcomhréir leis na forálacha ábhartha sa dá ionstraim dlí[1]. Eagraíodh gníomhaíochtaí an dá leagan den Chlár ina dtrí shraith chun freastal ar riachtanais shonracha: MEDIA (an earnáil chlosamhairc agus fischluichí), Cultúr (na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta eile uile), agus Trasearnálach (lena n-áirítear na meáin nuachta).

Tá ról an Aontais Eorpaigh sa chultúr á rialú ag an gcoimhdeacht mar a leagtar amach in Airteagal 167 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)[2] agus tá ról an Aontais sna meáin á rialú freisin ag forálacha CFAE maidir leis an margadh aonair (Airteagal 26) agus maidir leis an iomaíochas (Airteagal 173). Is é an creat sin is bonn leis an dá chuspóir atá ag Eoraip na Cruthaitheachta: éagsúlacht agus oidhreacht chultúrtha agus teanga na hEorpa a chosaint, a fhorbairt agus a chur chun cinn agus iomaíochas agus acmhainneacht eacnamaíoch earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (dá ngairtear 'ECC' anseo feasta) a mhéadú, go háirithe earnáil an chlosamhairc.

Cuireann CE2 le láidreachtaí CE1, agus tugtar nuálaíochtaí isteach san am céanna. Is nuálaíochtaí iad a tugadh isteach go príomha mar fhreagairt ar an aistriú digiteach, ar athrú paraidíme é. Agus tábhacht earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta[3] agus méid na ndúshlán atá rompu á n-aithint, leithdháileadh buiséad EUR 2,44 billiún ar an gClár le haghaidh thréimhse chistiúcháin 2021-2027, ar méadú 66 % é sin ón tréimhse chistiúcháin roimhe sin. D'fhan dáileadh an bhuiséid ar fud na dtrí shraith réasúnta cobhsaí le linn an dá thréimhse chistiúcháin: 56-58 % le haghaidh shraith MEDIA, 31-33 % le haghaidh shraith an Chultúir agus 13-9 % le haghaidh na sraithe trasearnálaí. Rinneadh an buiséad a fhorghníomhú go hiomlán thar an dá chlárthréimhse, lena n-áirítear le linn phaindéim COVID-19 nuair a bhí go leor ionad faoi dhianghlasáil.

Tá buiséad Eoraip na Cruthaitheachta an-teoranta, agus é coibhéiseach le 0,2 % de bhuiséad reatha an Aontais, cé gurb iad na Ballstáit an phríomhfhoinse cistithe phoiblí. Mar sin féin, le hEoraip na Cruthaitheachta dírítear ar ghníomhaíochtaí inar féidir luach breise a thabhairt trí idirghabháil an Aontais i gcomparáid le gníomhaíochtaí na mBallstát amháin. Go háirithe, tugtar aghaidh ar ilroinnt earnálacha an chultúir, na cruthaitheachta agus na meán feadh teorainneacha náisiúnta agus teanga. Thairis sin, ní leor cistiú ar an leibhéal náisiúnta amháin chun tacú le hiomaíochas agus éagsúlacht fhoriomlán mheáin an Aontais, earnáil an chlosamhairc agus earnálacha cultúir agus cruthaitheacha eile. Go háirithe, le hEoraip na Cruthaitheachta tacaítear le comhar trasnáisiúnta agus le scaipeadh inneachair ar fud an Aontais, trí ghníomhaíochtaí uile-Eorpacha amhail comhar, comhléirithe agus líonraí, agus dá bhrí sin, déantar luach na sócmhainní cultúrtha náisiúnta a

[1] Bunaíodh Eoraip na Cruthaitheachta in 2013 le Rialachán (AE) 1295/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcomhtháthaítear na Cláir Chultúir, MEDIA 2007 agus MEDIA Mundus in aon ionstraim chistiúcháin amháin. In 2021, bunaíodh clár nua Eoraip na Cruthaitheachta le haghaidh na tréimhse 2021-2027 (Rialachán (AE) 2021/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).

2 LEAGAN COMHDHLÚITE DEN CHONRADH AR FHEIDHMIÚ AN AONTAIS EORPAIGH.

[3] Tá ról lárnach ag éiceachóras na dTionscal Cultúir agus Cruthaitheachta mar cheann de 14 phríomhéiceachóras tionsclaíoch a sainaithníodh tar éis ghlacadh na Teachtaireachta *'Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip'* in 2020, COM(2020) 102 final; an Bhruiséil, an 10 Márta 2020

ghiaráil thar theorainneacha náisiúnta. Leis an gcur chuige sin, éascaítear freisin rochtain chomhionann ar inneachar meán agus cultúrtha do dhaoine atá ina gcónaí san Aontas.

Is sócmhainn luachmhar de chuid an Chláir í rannpháirtíocht leathan Chomhaltaí Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha chomh maith le tíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa, rud a neartaíonn ábharthacht agus for-rochtain an Chláir. Cuireann an rannpháirtíocht sin le hiarrachtaí an Aontais maidir le taidhleoireacht chultúrtha trí naisc inláimhsithe a chruthú leis na tíortha sin. I gcás tíortha atá ar an mbealach i dtreo aontachas leis an Aontas, is gné dhearfach í a rannpháirtíocht in Eoraip na Cruthaitheachta i ndáil le Caibidil 26 den *Acquis Communautaire* maidir leis an Oideachas, an Cultúr agus na Meáin. A mhéid a bhaineann le hearnáil an chlosamhairc, is coinníoll *ex ante* é tríú tíortha a ailíniú leis an Treoir maidir le Seirbhísí Closamhairc agus Meán le haghaidh rannpháirtíocht sna sraitheanna MEDIA agus trasearnálacha, agus dá bhrí sin, is dreasacht é chun dlús a chur leis an gcóineasú rialála.

2. Éachtaí agus dúshláin

Sraith MEDIA

D'éirigh le MEDIA an éagsúlacht chultúrtha a chosaint agus an t-iomaíochas a neartú. Tá príomh-mhisean MEDIA fós soiléir le 30 bliain anuas: scannáin agus sraitheanna Eorpacha ar ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaoine ar fud na hEorpa. Dá bhrí sin, tá gníomhaíochtaí MEDIA leabaithe ar fud shlabhra luacha an tionscail closamhairc, rud a chuidíonn le héiceachóras athléimneach Eorpach a thógáil. Tá sé sin níos tábhachtaí fós i bhfianaise na hiomaíochta déine atá os comhair earnáil chlosamhairc an Aontais ó ghníomhaithe domhanda, lena n-áirítear ní hamháin mórstiúideonna Hollywood, ach, níos mó ná riamh, na cuideachtaí teicneolaíochta is mó ar domhan.

Tá MEDIA tar éis scaipeadh trasnáisiúnta scannán Eorpach agus sraitheanna Eorpacha a neartú go mór, in earnáil atá an-ilroinnte feadh teorainneacha náisiúnta. Léiríodh sa mheastóireacht go bhféadfadh lucht féachana in 9,5, 6,6 agus 3,2 níos mó tíortha san Aontas, ar an meán, féachaint ar scannáin agus sraitheanna de chuid an Aontais ar thacaigh MEDIA leo[4], i réimsí na teilifíse, na scannánaíochta agus an fhíseáin ar éileamh faoi seach, le hais saothair inchomparáide de chuid an Aontais nach bhfuair cistiú MEDIA. Meastar, faoin gClár roimhe seo amháin, gur mheall scannáin agus sraitheanna de chuid an Aontais ar thacaigh MEDIA leo 241 mhilliún níos mó iontrálacha, ar a laghad, i dtíortha an Aontais lasmuigh dá dtír dhúchais i gcomparáid le scannáin agus sraitheanna nach bhfuair tacaíocht MEDIA.

Tionscnamh rathúil eile maidir le scaipeadh trasnáisiúnta scannán Eorpach agus sraitheanna Eorpacha is ea tacaíocht na meán do phictiúrlanna Eorpacha. Idir 2014 agus 2023, tháinig méadú 32 % ar chumhdach geografach líonra Europa Cinemas chun freastal ar níos mó ná 750 bardas. Dhíol sé beagnach 40 % de na ticéid uile le haghaidh scannáin Eorpacha neamhnáisiúnta san Aontas faoi 2023, rud a léiríonn breisluach mór AE.

Le cistiú MEDIA, cuireadh feabhas freisin ar léiriú saothar closamhairc ardcháilíochta agus ar eisiúint na saothar sin ar deireadh. Go háirithe, tacaíodh le scannáin agus le sraitheanna teilifíse

[4] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí CE1: Liosta Forbartha; Forbairt-Beochan; Forbairt-Cláir Faisnéise; Forbairt-Ficsean; Tacaíocht do Chlársceidealú Teilifíse na Saothar Eorpach Closamhairc; Tacaíocht do chistí idirnáisiúnta comhléirithe; Dáileadh Uathoibríoch; Dáileadh Roghnaitheach; Gníomhairí Díolacháin; agus gníomhaíochtaí CE2: Liosta Forbartha; Mionliosta Forbartha; Comhfhorbairt; Inneachar teilifíse agus ar líne; Dáileadh Eorpach; Gníomhairí Díolacháin Eorpacha; Scannáin ag dul ó áit go háit.

le linn na céime forbartha ríthábhachtaí. Sciar na dteideal a dtacaítear leo agus a eisiatar ar deireadh, meastar gurb é atá sa mhéid sin 29 % de na scannáin agus na sraitheanna uile a dtacaítear leo lena bhforbairt le linn na tréimhse meastóireachta, agus is cosúil go bhfuil sé sin os cionn mheán an mhargaidh. Léiríonn sé sin tionchar dearfach an chistithe. Rinneadh an tríú cuid de na fischluichí a forbraíodh le cuidiú ó chistiú MEDIA a thráchtálú ar deireadh, ar comhartha ratha é sin in earnáil an-iomaíoch agus an-dinimiciúil.

Dhírigh MEDIA ar chomhléirithe trasteorann Eorpacha chun tionchar níos mó a imirt ar an leibhéal Eorpach, ag céim na forbartha agus i léiriú clársceidealaithe le haghaidh na teilifíse agus an fhíseáin ar éileamh araon. Leis na comhléirithe sin, cuirtear leis an iomaíochas tríd an lucht féachana thar lear a mhéadú, foinsí nua maoinithe a thabhairt isteach agus fios gnó a chomhroinnt. Tháinig méadú mór ar sciar na gcomhléirithe trasteorann Eorpacha a fhaigheann tacaíocht ó 36 % faoi CE1 go 84 % faoi CE2 (2021-2023), figiúr atá i bhfad níos airde ná meán measta an mhargaidh le haghaidh shaothair an Aontais nach dtacaíonn MEDIA leo (13,7 %).

Thairis sin, tá ardmholadh agus aitheantas bainte amach go comhsheasmhach ag scannáin, sraitheanna agus cluichí a fhaigheann tacaíocht ó MEDIA. Le linn na tréimhse 2014 go 2023, fuair saothair ar tacaíodh leo thart ar 1 200 ainmniúchán agus 500 gradam ó fhéilte idirnáisiúnta mór le rá agus ó chomhlachtaí bronnta. Mar shampla, bronnadh 127 ngradam ar shaothair ar tacaíodh leo ag Cannes, 86 ghradam ag Berlinale, agus 73 ghradam ag Gradaim Scannánaíochta na hEorpa. Léiríonn sé sin ardluach cultúrtha agus seasamh idirnáisiúnta na saothar Eorpach a dtacaíonn MEDIA leo.

Neartaíodh an éagsúlacht chultúrtha trí bhearta lena dtugtar aghaidh ar thíortha a bhfuil acmhainneachtaí closamhairc níos ísle acu, go háirithe trí chomhar a chothú. Sciar na saothar a dtacaítear leo lena mbaineann comhar idir tíortha ísealacmhainneachta agus tíortha ardacmhainneachta, tháinig méadú air ó níos lú ná 5 % faoi CE1 go dtí thart ar 30 % faoi CE2 (2021-2023). Chomh maith leis sin, sciar na saothar a dtacaítear leo i dteangacha neamhfhorleathana, tháinig méadú air ó 25 % faoi CE1 go 32 % faoi CE2 (2021-2023). Cé go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le rannpháirtíocht na mBallstát uile a leathnú, tá tacaíocht fós dírithe ar líon teoranta tíortha tairbhíocha.

Ar bhonn níos leithne, rinne MEDIA infheistíocht chothromais a ghiaráil freisin trí thacaíocht mheasctha a sholáthar do MediaInvest, a tugadh isteach ó 2021 faoi InvestEU. Tá an t-ardán infheistíochta cothromais nua seo dírithe ar thionscadail chlosamhairc agus chluichíochta Eorpacha. Is é is aidhm do MediaInvest níos mó infheistíocht phríobháideach a spreagadh, rud a neartóidh an t-iomaíochas. Is é an sprioc atá ann infheistíocht chothromais suas le EUR 400 milliún a ghiaráil idir 2022 agus 2027. Síníodh ceithre chomhaontú infheistíochta cheana féin faoi MediaInvest, agus tá sé ar an mbóthar ceart chun a sprioc a bhaint amach. Is comhlánú éifeachtach é sin freisin ar ráthaíochtaí iasachta (féach thíos faoin measúnú ar ghníomhaíochtaí trasearnálacha).

Ar an iomlán, chuidigh MEDIA le héiceachóras Eorpach a mhúnlú agus comhlánaítear leis beartais na mBallstát a bhfuil fócas intíre acu. Mar sin féin, ní féidir leis an éifeacht sin ann féin dul i ngleic le fórsaí cumhachtacha an mhargaidh atá ag athrú earnálacha ó bhonn agus a eascraíonn as athrú ar iompraíocht tomhaltóirí agus as dul chun cinn teicneolaíoch.

Sraith an Chultúir

B'ionstraim í sraith an Chultúir i gcónaí chun eagraíochtaí ECC ar fud na hEorpa a chumhachtú chun oibriú i gcomhar thar theorainneacha náisiúnta agus tarlaíonn sé sin ar bhealach nach

gcumhdaítear le cistiú náisiúnta agus maidir le saincheisteanna nach gcumhdaítear le cistiú náisiúnta. In earnálacha a bhfuil dúshláin rompu amhail ilroinnt an mhargaidh agus na dteangacha, claochluithe digiteacha, sciar ard d'eagraíochtaí an-bheag, soghluaisteacht theoranta agus éiginnteacht oibre, le sraith an Chultúir soláthraítear ardán le haghaidh comhar trasteorann, rud a chuireann ar a gcumas do ghníomhaithe páirt a ghlacadh i gcomhchruthú agus i malartuithe nach dtacaítear leo ar an scála sin de ghnáth ar an leibhéal náisiúnta. Thairis sin, tacaíonn an tsraith le hiarrachtaí an Aontais trí ghnéithe trasearnálacha an chuimsithe shóisialta, an chomhionannais inscne agus na hinbhuanaitheachta agus rannchuidíonn sí le hiarrachtaí taidhleoireachta an Aontais i réimse an chultúir.

Faoi CE1, éascaíodh breis agus 1 200 tionscadal trasnáisiúnta, rud a chruthaigh os cionn 7 500 gníomhaíocht chultúrtha a thacaigh le níos mó ná 22 000 gairmí a ngairmeacha a idirnáisiúnú agus taithí a fháil i dtíortha eile. Faoi CE2, ó 2021 go 2023, thacaigh sraith an Chultúir le 630 tionscadal, lenar seoladh EUR 294 mhilliún chuig os cionn 2 000 eagraíocht i 39 dtír. Éascaíodh aistriú níos mó ná 1 500 leabhar, rud a threisigh an éagsúlacht teanga agus an rochtain ar litríocht ó theangacha neamhfhorleathana. Le Culture Moves Europe, tugadh deiseanna soghluaisteachta agus nochta do bhreis agus 3 800 ealaíontóir atá ag teacht chun cinn, rud a chuir ar a gcumas dóibh comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta atá nua agus inbhuanaithe (go minic) a chruthú. Ina theannta sin, thacaigh an tsraith le tionscnaimh amhail líonraí eagraíochtaí cultúrtha, ardáin a thacaíonn le daoine óga a bhfuil bua na healaíne acu, ceolfhoirne agus duaiseanna cultúrtha.

Trí scileanna gairmithe ECC a fhorbairt, chomh maith leis an bhfianaise a fuarthas gur leanadh ar aghaidh le 8 gcinn as 10 ngníomhaíocht chomhair tar éis tionscadal a chur i gcrích, rannchuidíonn an tsraith le comhpháirtíochtaí marthanacha agus spás cultúrtha Eorpach a fhorbairt.

Tá ábharthacht na sraithe tagtha chun solais go háirithe le linn na ngéarchéimeanna a bhí ann le linn na tréimhse 2014 go 2023. Cé gur bhagairt eiseach é COVID-19 ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, léiríodh solúbthacht i bhfreagairt an Chláir trí ionstraimí nuálacha a dhearadh amhail Culture Unite nó trína thacaíocht airgeadais a oiriúnú chun cabhrú le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. Ar an gcuma chéanna, mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, d'fhorbair an tsraith glao EUR 5 mhilliún chun tacú le hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta na hÚcráine.

Mar sin féin, ní mór a thabhairt faoi deara nach ndéantar ionadaíocht leordhóthanach fós ar earnálacha áirithe i ngníomhaíochtaí cothrománacha na sraithe, amhail faisean agus dearadh.

Braitheann an Clár ar phrionsabal an bharr feabhais agus níl aon imchlúdach buiséid réamhshainithe ann in aghaidh na tíre rannpháirtí. Go deimhin, leithdháiltear cistí bunaithe ar cháilíocht na dtionscadal agus ní ag brath ar thír thionscnaimh na n-eagraíochtaí. Mar thoradh air sin, bíonn tionchar ag roinnt tosca ar leithdháileadh an chistithe trí dheontais. Mar shampla, tíortha ina bhfuil earnálacha cultúir agus cruthaitheacha seanbhunaithe agus/nó a fheidhmíonn mar mhoil réigiúnacha, is gnách go bhfaigheann siad sciar níos tábhachtaí de chistí (amhail an Fhrainc, an Iodáil, an Ghearmáin agus an Bheilg). Mar sin féin, faoi CE2, tá ról níos tábhachtaí ag roinnt tíortha sa Chlár amhail an Chróit, an tSlóivéin agus an tSeirbia. Tá gá le roinnt iarrachtaí fós, áfach, chun teagmháil a dhéanamh le tíortha nach bhfuil rannpháirteach go leordhóthanach in Eoraip na Cruthaitheachta.

Tá bearna leanúnach ann idir an t-éileamh agus an cistiú atá ar fáil[5]. Chun aghaidh a thabhairt air sin, rinneadh coigeartuithe le blianta beaga anuas chun inrochtaineacht a mhéadú agus chun cistiú a chothromú ar fud scálaí tionscadail; trí uasteorainn a chur leis an líon tionscadal ar féidir leis an eagraíocht chéanna a bheith ina cuid díobh sa ghlao céanna, chomh maith le Tionscadail Chomhair ar mórscála a fhoilsiú gach 2 bhliain seachas gach bliain.

An tsraith thrasearnálach

Seoladh tacaíocht do na meáin nuachta in 2021 agus cistíodh tionscadail ardcháilíochta chun aghaidh a thabhairt ar phríomhathruithe struchtúracha agus teicneolaíocha agus chun neamhspleáchas agus iolrachas na meán agus litearthacht sna meáin a chur chun cinn. Tá an t-ioncam sna meáin nuachta ag laghdú go mór ós rud é gur aistríodh an fhógraíocht chuig ardáin dhomhanda ar líne agus léiríonn an Monatóir ar Iolrachas sna Meáin[6] rioscaí d'iolrachas na meán agus do neamhspleáchas eagarthóireachta ó Bhallstát go chéile. Is beag Ballstát atá ag tiomnú acmhainní móra airgeadais chun tacú le sábháilteacht iriseoirí nó leis an athléimneacht agus an nuálaíocht in eagraíochtaí meán.

Sholáthair Saotharlann na Nuálaíochta Cruthaithí síolchistiú le haghaidh an chomhair idir earnálacha closamhairc agus earnálacha cultúir agus cruthaitheacha eile. Cé go raibh deacrachtaí ann ar dtús tograí ábhartha a mhealladh, tá breisluach curtha ar fáil de réir a chéile ag an tSaortharlann trí thionscadail ildisciplíneacha a chistiú lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin choiteanna, go háirithe teacht ar lucht féachana níos leithne agus luach airgid a chur air, trí leas a bhaint as feidhmchláir dhigiteacha amhail an intleacht shaorga agus blocshlabhra. D'ainneoin sin, tá an nuálaíocht fós ina dúshlán ollmhór d'earnálacha cultúir agus cruthaitheachta an Aontais. Níl ach 30 % de chuideachtaí ECC an Aontais tar éis straitéis um chlaochlú digiteach a ghlacadh agus níl san infheistíocht san intleacht shaorga ach níos lú ná 1 % dá n-infheistíochtaí iomlána. Tugadh le fios sa mheastóireacht freisin go bhfuil tionchar dearfach ag saothrú trasmheáin na Maoine Intleachtúla céanna ar an tóir atá ar na saothair a chumhdaítear agus ar an iomaíochas. I ndáil leis sin, tá sineirgí níos suntasaí ann idir earnálacha closamhairc agus earnálacha meán eile atá dian ar chóipcheart (ceol agus foilsitheoireacht). Tá dúshláin agus deiseanna coiteanna rompu go pointe áirithe maidir le hiomaíochas agus claochlú digiteach, tráth a bhfuil méadú tagtha ar an smacht atá ag ardáin mhóra lasmuigh den Aontas ar an inneachar a gcaitheann daoine am air.

A mhéid a bhaineann le hionstraimí airgeadais, rinne Saoráid Ráthaíochta Earnálacha an Chultúir agus na Cruthaitheachta (CCS GF) ranníocaíocht an-éifeachtach. Trí chomhar éifeachtach idir an Coimisiún agus an Ciste Eorpach Infheistíochta, saothraíodh freagairt láidir mhargaidh in earnálacha a measadh roimhe seo go raibh ardriosca ag baint leo mar gheall ar chineál doláimhsithe shócmhainní na gcuideachtaí, deacrachtaí sreafa airgid agus ganntanas sonraí eacnamaíocha iontaofa. Rinneadh os cionn EUR 1,8 billiún d'iasachtaí a ghiaráil, rud a sháraigh go mór an sprioc tosaigh de EUR 600 milliún. Dá bhrí sin, laghdaíodh an bhearna sa mhaoiniú fiachais, a mheastar a bheith cothrom le EUR 837 milliún – EUR 2,07 billiún in aghaidh na bliana, faoi 15 %-30 %. Is iad na hearnálacha closamhairc agus ilmheán a fuair 44 % de na hiasachtaí, ach bhain roinnt earnálacha eile, lena n-áirítear an ceol, na taibhealaíona agus na físchluichí, tairbhe as na hiasachtaí freisin. Rinneadh CCS GF a ionchorprú ina dhiaidh sin in InvestEU ó 2021.

[5]Tá an bhearna sin thar a bheith géar sna Tionscadail Chomhair Eorpacha, arb iad an ghníomhaíocht is mó sa tsraith iad, áit a bhfuil ró-shuibscríobh ollmhór agus méadaitheach os comhair na gníomhaíochta. Tháinig méadú ar an líon aighneachtaí a fuarthas ó 463 aighneacht in 2021 go 831 aighneacht in 2023, agus tháinig laghdú ar an ráta ratha ó 27 % in 2021 go 17 % in 2023 mar gheall ar bhuiséad cobhsaí. Lean treocht an ró-shuibscríofa ar aghaidh le haghaidh gach glao ar Thionscadail Chomhair sna blianta tar éis 2023.

[6] An Lárionad um Iolrachas sna Meáin agus um Shaoirse na Meán (2025) Monatóir ar Iolrachas sna Meáin

Deasca Eoraip na Cruthaitheachta a socraíodh i ngach tír rannpháirteach, bhain an-tábhacht leo chun an Clár a chur chun cinn agus chun tacaíocht a thabhairt d'iarratasóirí ionchasacha, go háirithe micrea-eagraíochtaí a bhfuil acmhainneachtaí teoranta acu.

3. Éifeachtúlacht riaracháin

An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr a chuir formhór Eoraip na Cruthaitheachta chun feidhme, is í a sholáthair cur chun feidhme láraithe éifeachtúil glaonna agus bainistiú deontas. Ar an iomlán, bhí an costas riaracháin mar chion den bhuiséad iomlán le haghaidh an Chláir roimhe seo i bhfad faoi bhun na dtagarmharcanna a raibh coinne leo agus laghdaíodh a thuilleadh é faoin gClár atá ann faoi láthair. Tháinig laghdú air ó 7,74 % den mhórbhuiséad iomlán in 2014 go 6,74 % in 2023. Tá an méadú atá tagtha ar chostais riaracháin níos lú ná an méadú atá tagtha ar an mbuiséad oibríochtúil, rud a léiríonn gur baineadh amach coigilteas éifeachtúlachta.

Rinneadh roinnt beart (cnapshuimeanna, uasteorainneacha comhchistithe níos airde, comhaontuithe ilbhliantúla) chun nósanna imeachta a shimpliú agus chun an t-ualach iarratais ar iarratasóirí a laghdú. Tugtar le fios san aiseolas ó thairbhithe gur tháinig laghdú ar an ualach riaracháin faoin gClár atá ann faoi láthair, agus 73 % de rannpháirtithe ó CE1 ag meas go bhfuil na costais iarratais ard, i gcomparáid le 66 % in CE2.

4. Ag féachaint chun cinn

Leis an meastóireacht, foghlaimíodh ceachtanna luachmhara maidir le dearadh agus cur chun feidhme an chistithe ar leibhéal an Aontais le haghaidh an chultúir agus na meán amach anseo, agus chuir torthaí na meastóireachta leis an measúnú tionchair ar an gclár a thiocfaidh i gcomharbacht ar Eoraip na Cruthaitheachta, i.e. AgoraEU.

<u>Sraith MEDIA</u>

Trí scannáin, sraitheanna, cláir faisnéise agus saothair chlosamhairc Eorpacha eile a scaipeadh thar theorainneacha náisiúnta, tugtar muintir na hEorpa níos gaire dá chéile trí scéalta cumhachtacha Eorpacha a chomhroinnt, agus neartaítear cuideachtaí Eorpacha atá in iomaíocht le mórchuideachtaí domhanda meán agus teicneolaíochta an tráth céanna. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun lucht féachana trasteorann níos leithne a mhealladh ar gach ardán, go háirithe na glúnta óga. Thairis sin, d'ainneoin forbairtí móra maidir leis an gcothrom iomaíochta idir tíortha MEDIA a fheabhsú, tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun éagsúlacht gheografach agus teanga a mhéadú agus chun rannpháirtíocht a leathnú.

Tá forbairt tagtha ar MEDIA trí bhéim níos géire ar an nuálaíocht agus ar an gcomhar trasteorann, lena n-áirítear comhléirithe agus dáileadh uile-Eorpach. Tá an inoiriúnaitheacht sin ríthábhachtach agus é ag freagairt do threochtaí sa mhargadh agus do dhúshláin nua, amhail fás an tsruthaithe. Ós rud é go bhfuil margaí na meán domhanda, nuálach agus dinimiciúil, beidh sé tábhachtach leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar threochtaí chun MEDIA a stiúradh ionas go gcoinneoidh sé suas le forbairtí. Maidir le fischluichí, tá an t-éileamh ar thacaíocht san earnáil dhinimiciúil seo atá ag fás go tapa i bhfad níos mó ná na himchlúdaigh bhuiséid atá ann faoi láthair. Cé go ndearnadh coigeartuithe cheana féin ar roinnt gníomhaíochtaí MEDIA chun a thábhacht eacnamaíoch agus a tharraingtí atá sé i measc Eorpaigh de gach aois a léiriú, is gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun an tacaíocht sin a neartú amach anseo.

D'fhóin an measc\u00e1n de chistiú deontais agus d'ionstraimí airgeadais go maith don tionscal trí fhreastal ar riachtanais éagsúla, ó rochtain ar shíolchistiú agus cómhaoiniú go dtí iasachtaí idirlinne agus cothromas le haghaidh fiontair uaillmhianacha uile-Eorpacha.

Tá dúshláin choiteanna roimh thionscail inneachair atá dian ar mhaoin intleachtúil, mar shampla lucht féachana níos leithne a mhealladh sa ré dhigiteach agus freagairt do roghanna tomhaltóirí atá ag athrú (go háirithe a mhéid a bhaineann le daoine óga dúchasacha digiteacha). I ndáil leis sin, tá rath agus taithí MEDIA maidir le teacht ar lucht féachana trasteorann níos leithne trí chomhléirithe agus dáileadh uile-Eorpach, mar shampla, an-ábhartha.

I bhfianaise scála na ndúshlán, ní mór oibriú i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an tionscal closamhairc ina iomláine chun gur féidir le MEDIA leas níos fearr a bhaint as sineirgí.

Sraith an Chultúir

Faoin dá leagan den Chlár, chuidigh sraith an Chultúir le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin, amhail ilroinnt an mhargaidh Eorpaigh ar bhonn náisiúnta agus teanga agus na claochluithe a eascraíonn as an dá aistriú. Mar sin féin, tá roinnt riachtanas tar éis éirí níos géire le blianta beaga anuas, agus tá riachtanais nua tagtha chun cinn, amhail ionsaithe ar shaoirse ealaíne nó teacht chun cinn na hintleachta saorga. Is gá freagairt níos fearr a thabhairt orthu, i gcomhréir le huaillmhian an Chompáis Chultúir don Aontas Eorpach atá ar na bacáin.

An t-éileamh ar chistiú, atá suas le ceithre huaire níos mó ná an buiséad atá ar fáil faoi láthair le haghaidh ghníomhaíocht na dtionscadal comhair, léiríonn sé an t-éileamh ard ar an tsraith ó earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. Tá cistiú ríthábhachtach don tsraith chun leanúint de bheith ag cuidiú le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta leas iomlán a bhaint as a n-acmhainneacht agus iad féin a chur chun cinn amach anseo, agus rochtain ar éagsúlacht inneachair chultúrtha thar theorainneacha a leathnú an tráth céanna.

Le cur chuige earnála na sraithe, tugadh aghaidh ar dhúshláin shonracha in earnálacha áirithe, agus leis an gcur chuige cothrománach, cuirtear níos mó lúfaireachta agus solúbthachta ar fáil d'oibreoirí cultúrtha agus cruthaitheacha. Tá sé tábhachtach meascán den dá rud a choinneáil ar bun, chun a áirithiú go leanfaidh an tsraith de bhéim láidir a leagan ar bheartais.

Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun infheictheacht shraith an Chultúir a mhéadú in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus i dtíortha nach bhfuil rannpháirteach go leordhóthanach inti. D'fhéadfaí an fhor-rochtain a fheabhsú a thuilleadh trí fhaisnéis faoin tsraith a roinnt agus a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr le haghaidh eagraíochtaí sna hearnálacha agus sna tíortha sin.

Is gá athbhreithniú agus dlúthfhaireachán rialta a dhéanamh ar na bearta simpliúcháin a tugadh isteach in CE2. I ndáil leis sin, le sraith an Chultúir ba cheart leanúint de bheith ag díriú ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin inrochtaineachta agus leanúint dá raon feidhme a leathnú chuig eagraíochtaí ECC nach bhfuil aon taithí acu roimhe seo maidir le bheith ag obair ar leibhéal an Aontais.

Tá roinnt ceachtanna tagtha chun cinn freisin maidir le faireachán, meast\u00f3ireacht agus infhaighteacht sonraí rialta. Cuirfidh an Coimisiún bearta nithiúla chun feidhme chun cur chuige níos córasaí a fhorbairt maidir le bailiú sonraí na sraithe. Áirítear orthu sin anailís chríochnúil ar na sonraí atá ar fáil faoi láthair, chun úsáid níos fearr a bhaint astu gan an t-ualach ar thairbhithe a mhéadú. Go comhthreomhar, bainfear úsáid as iarrachtaí agus acmhainní breise chun uirlisí tuairiscithe inmheánacha a fhorbairt a thuilleadh agus chun sonraí a bhailiú ó ionadaithe ECC.

An tsraith thrasearnálach

Ní thugtar ach thart ar EUR 15 mhilliún de thacaíocht do na meáin nuachta gach bliain, ach bíonn éileamh mór uirthi. Mar shampla, tá ró-shuibscríobh 700 % i gceist le gníomhaíocht na gComhpháirtíochtaí Iriseoireachta. Amach anseo, beidh tacaíocht ríthábhachtach ós rud é go bhfuil méadú ag teacht i gcónaí ar na dúshláin ar fud an Aontais i réimsí amhail saoirse agus iolrachas na meán, inmharthanacht na meán agus bréagaisnéis, rud a imríonn tionchar diúltach ar athléimneacht na sochaí agus ar rannpháirtíocht dhaonlathach.

Le glaonna amach anseo de chuid Shaotharlann na Nuálaíochta Cruthaithí, ní mór leanúint de chritéir a bheachtú chun a áirithiú go mbeidh tionscadail chistithe nuálach i ndáiríre agus go rannchuideoidh siad le claochlú digiteach fadtéarmach na dtionscal closamhairc agus na dtionscal cultúir agus cruthaitheachta eile. Tá deis ann freisin faoi ghníomhaíocht Shaotharlann na Nuálaíochta Cruthaithí spriocdhíriú ar bhealach níos fearr ar shineirgí nuálaíochta trasearnálacha, lenar féidir Maoin Intleachtúil thrasearnálach a fhorbairt agus a shaothrú go háirithe.